1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

**Miontuairiscí Cruinnithe Boird Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL)**

**Dáta:** 25 Samhain 2024
**Am:** 4:30 pm
**Ionad:** Ar líne MS Teams

**I láthair:**
Brigid Manton, Charlotte O'Donovan, Colm Kilgallon, an Comhairleoir Angela Donnelly, an Comhairleoir Eimear Carbone-Mangan, an Comhairleoir Michael Clark, an Comhairleoir Mick Duff (Cathaoirleach), an Comhairleoir Pamela Kearns, an Comhairleoir Vicki Casserly, Dara Fitzpatrick, David O'Connell, Ken Farrell, Sarah Widaa, Wayne Carey

**Leithscéalta:**
An Comhairleoir Dean Mulligan, an Comhairleoir Eoghan Dockrell, an Comhairleoir Jacqueline Burke, an Comhairleoir John Walsh, an Comhairleoir Thomas Joseph, an Comhairleoir Yvonne Collins, Claire McGing

**I láthair:**
Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Paul Turner, Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna; Siobhán Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Claire Keane, Rialachas.

**Cáipéisíocht:**
Uaslódáilte go Leictreonach

**Fáilte**
Chuir an Cathaoirleach, Mick Duff, fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcruinniú.

**1. Leithscéalta/Comhbhrón**

Tugadh leithscéal ón gComhairleoir Dean Mulligan, ón gComhairleoir Eoghan Dockrell ón gComhairleoir Jacqueline Burke, ón gComhairleoir John Walsh, ón gComhairleoir Thomas Joseph, ón gComhairleoir Claire McGing ar aird.

**2. Dearbhú Coinbhleachta Leasa**

Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

**3. Nithe le Réiteach ag an mBord**

**3.1. Miontuairiscí**

Tabharfar miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a tionóladh ar an 18 Samhain 2024 go dtí an chéad chruinniú eile den Bhord.

**3.2. Maoiniú Ionad Spóirt Dhé-Chuspóireach**

Thug an feidhmeannas eolas cothrom le dáta do chomhaltaí an Bhoird maidir le maoiniú do 2025 agus ina dhiaidh sin le haghaidh roinnt Ionaid spóirt déchuspóireacha, lena n-áirítear leithdháiltí maoinithe reatha.

Bainistíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire roinnt ionaid spóirt dhéchuspóireacha ar fud Bhaile Átha Cliath, tar éis don rialtas an fhreagracht seo a leithdháileadh ó 2007 ar aghaidh. Tá na háiseanna seo suite in aice le hiar-bhunscoileanna ar mhaithe le húsáid agus le leas na ndaltaí sna scoileanna, sna scoileanna comharsanachta agus freisin le húsáid ag an bpobal lena n-áirítear grúpaí spóirt agus pobail lasmuigh d'uaireanta scoile.

Le húsáid dhéchuspóireach na n-áiseanna seo, teastaíonn maoiniú rialtais a leithdháiltear go sonrach chun a chinntiú go ndéantar ionaid spóirt a bhainistiú agus a chothabháil is go soláthraítear foireann agus seirbhísí don phobal sna pobail máguaird. Trí raon rann Rialtais agus gníomhaireachtaí gaolmhara, tá maoiniú curtha ar fáil go bliantúil ó 2008 i leith.

Tá na hionaid maoinithe faoi láthair ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) trí Phobal, le ranníocaíochtaí faighte freisin ón Roinn Oideachais (RO), Údaráis Áitiúla agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige (RLCMIÓ).

Cuireann na hionaid seirbhís riachtanach ar fáil dá bpobail, mar shampla, seirbhísí óige, cúram leanaí, grúpaí iarscoile, seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas, etc.

Mar gheall ar athbhreithniú ar chritéir bheartais agus mhaoinithe in 2023, tá éiginnteacht faoi láthair maidir le leanúnachas an mhaoinithe le haghaidh na n-ionad spóirt déchuspóireach atá á mbainistiú ag BOOÁCDL. Cur i láthair arna uaslódáil ag BOOÁCDL.

D'aontaigh Comhaltaí an Bhoird scríobh mar Bhord BOOÁCDL chuig an Aire Humphries. Dréachtóidh an Cathaoirleach litir chuig an Aire le heisiúint amárach (26 Samhain 2024). Meabhraíodh do chomhaltaí an Bhoird an rúndacht maidir leis an ábhar seo.

**4. Dáta an Chéad Chruinnithe Eile**

20 Eanáir 2025 Le Fógairt